

Foras na Gaeilge

Ráiteas Tosaigh do Bhuan-Chomhchoiste na Gaeilge ar Cheanncheathrú Nua d'Fhoras na Gaeilge agus an costas a bhaineann leis

Iúil 2017

Ráiteas Tosaigh

1. RÉAMHRÁ

Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh an deis eolas a chur i láthair an Bhuan-Chomhchoiste ar Cheanncheathrú Nua d'Fhoras na Gaeilge agus an costas a bhaineann leis.

2. STAIR FHORAS NA GAEILGE

Bunaíodh Foras na Gaeilge i Mí na Nollag 1999, an comhlacht atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. I measc na bhfreagrachtaí atá ar Fhoras na Gaeilge, tá cur chun cinn labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann.

Tá freagracht ar leith ar Fhoras na Gaeilge freisin tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht Rialtais, thuaidh agus theas.

3. FEIDHMEANNA REACHTÚLA FHORAS NA GAEILGE:

De réir Chuid 5 den reachtaíocht faoinar bunaíodh Foras na Gaeilge, AN tACHT UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA hÉIREANN, 1999, tá na feidhmeanna seo a leanas ag Foras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach, sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt; agus
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá Bord de 16 ag Foras na Gaeilge agus is í an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas a cheapann na comhaltaí Boird.

Aistríodh foireann Bhord na Gaeilge, an Gúm (teach foilsitheoireachta) agus an Choiste Téarmaíochta (forbairt na téarmaíochta) agus a ngníomhaíochtaí ar fad go dtí Foras na Gaeilge. Ó shin, aistríodh cúram Bhord na Leabhar Gaeilge (Clár na Leabhar Gaeilge mar

atá anois) chuig Foras na Gaeilge (01 Eanáir 2008) agus cúram Cholmcille in Éirinn thuaidh agus theas (01 Aibreán 2008).

Mar atá ráite thuas tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht rialtais, thuaidh agus theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach réimse a bhaineann leis an nGaeilge. Ina theannta sin, cuirimid tionscadail thacaíochta ar bun agus tugaimid cúnamh deontais do chomhlachtaí agus do ghrúpaí ar fud oileán na hÉireann.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) agus tuairiscímid don CATT trí na hAirí sna Ranna Urraíochta – An Roinn Ealaíon, Oidhreachta Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ó dheas agus an Roinn Pobal, ó thuaidh.

An Cur chuige Comhpháirtíochta

I mí Iúil 2013 thug an CATT faomhadh do mholadh a rinne Foras na Gaeilge sé Cheanneagraíocht a bheith i gceannas ar 6 mhór-réimse straitéiseacha:

1. Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge;
2. Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh; agus deiseanna úsáide do dhaltaí scoile;
3. Forbairt Phobail agus Eacnamaíochta;
4. Deiseanna a thacaíonn le hÚsáid na Gaeilge agus le Bunú Gréasán;
5. Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht; agus
6. Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga.

Chomh maith leis sin, moladh Scéim Raidió Pobail a fhógairt agus maoiniú a chur ar fáil don Áisaonad Lán-Ghaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire le háiseanna teagaisc agus foghlama a chur ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta ó thuaidh.

Tá ár gcuid oibre leis na sé Cheanneagraíocht bunaithe ar chur chuige na comhpháirtíochta, ag súil go mbeidh na Ceanneagraíochtaí agus Foras na Gaeilge ag obair go dlúth le chéile le ráiteas físe Fhoras na Gaeilge a chur chun cinn:

An Ghaeilge a bheith neadaithe agus normalaithe i measc an mhórphobail agus feasacht fhorleathan a bheith ar shaíocht na Gaeilge

Is iad na sé Cheanneagraíocht a roghnaíodh le freagracht a ghlacadh as na sé mhór-réimse ná:

1. Gaeloideachas – Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge;
2. Gael-Linn – Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aosaigh agus deiseanna úsáide do dhaltaí scoile;
3. Glór na nGael – Forbairt Phobail agus Eacnamaíochta;

4. Oireachtas na Gaeilge – Deiseanna a thacaíonn le hÚsáid na Gaeilge agus le Bunú Gréasán;
5. Conradh na Gaeilge – Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht; agus
6. Cumann na bhFiann – Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga.

Scéimeanna

Tá réimse leathan scéimeanna maoinithe ag Foras na Gaeilge chun cúnamh a chur ar fáil don phobal an Ghaeilge a shealbhú agus a úsáid. I measc na scéimeanna sin tá:

- Scéim irisí agus nuachtán a chuimsíonn ***Tuairisc.ie***, ***Nós*** agus ***Comhar***. Scéimeanna Chlár na Leabhar Gaeilge - tacaíocht d'fhoilsitheoirí agus do scríbhneoirí.

Tá freagrachtaí ar Fhoras na Gaeilge i leith na foclóireachta agus na téarmaíochta (***focloir.ie***; ***teanglann.ie; tearma.ie***, agus an ***Coiste Téarmaíochta***).

Tá cúraimí ar Fhoras na Gaeilge i leith foilsiú téacsleabhar don dá chóras oideachais ar an oileán.

Buiséad

Is é €17.85m ioncam measta Fhoras na Gaeilge don bhliain 2017 – cuimsíonn an figiúr sin €14.67m measta ón dá Roinn Urraíochta; agus ioncam measta ó fhoinsí eile, maoiniú imfhálaithe le haghaidh tionscadal éagsúla san áireamh (Clár na Leabhar Gaeilge; Colmcille; Séideán Sí).

Is laghdú suntasach sin ón ioncam iomlán mar a bhí leagtha amach i bplean gnó 2008 (€25.92m.)

Oifigí

Faoi láthair, tá oifigí ag Foras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste, i Ráth Chairn, agus i nGaoth Dobhair (a osclaíodh i mí Mheán Fómhair 2010 faoin gClár Díláraithe).

Ceanncheathrú Nua Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath

Ghlac Bord Fhoras na Gaeilge cinneadh ag a chruinniú Boird i mí Feabhra 2017 a fhoireann a bhí lonnaithe in dhá oifig i mBaile Átha Cliath (Cearnóg Mhuirfean agus Sráid Fhreidric Thuaidh) a aistriú go haon oifig amháin ar 63-66 Sráid Amiens. Cheadaigh na Ranna Urraíochta Rialtais (An Roinn Pobal agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta) an cás gnó don aistriú sin i mí Aibreán 2017.

Cé nach féidir a bheith cinnte faoi fhigiúr cruinn an chíosa go mbeidh an obair ar an bhfoirgneamh críochnaithe agus an t-achar troighe cearnaí cinntithe, beidh sé bunaithe ar ráta de €33 an troigh chearnach. Is é an meastachán is déanaí ná €600,000, le spásanna páirceála san áireamh. Is léas 30 bliain a bheidh i gceist le clásal scoir 15 bliain.

Beidh na baill foirne uile á n-aistriú go dtí an Cheanncheathrú nua i bhfómhar 2017.